

# Glór Cheatharlach

## Mo Theach, Do Theach!

An gceapann tú gur glas iad na cnoic i bhfad uainn? Ar mhaith leat triail a bhaint as saol in áit éigin eile in Éirinn? An mbeadh suim agat i malairt tithe? An bhfuil tú i do chónaí ar an bhfeirm agus ag iarraidh bheith i lár na cathrach? Nó an duine cathrach thú ag iarraidh triail a bhaint as saol na tuaithe?

Tá Waddell Media ag lorg iarratais ó Ghaeilgeoirí i gcomhair Mo Theach, Do Theach, sraith de sé pháirt atá maoinithe ag an gCiste Craoltóireachta Gaeilge do TG4. Leanann an tsraith daoine de gach short ó ghach áit agus iad ag glacadh páirte sa mhálairt tí.

Thar threimhse gearr (cúig lá), gheobhaidh na rannpháirtithe taithí de gach ghné de ghnáth saol laethúil i gceantar agus timpeallacht éagsúil. Le cabhair ón litir fáilte agus lámhleabhar an-dhifriúil, caithfidh siad a gcuid nósanna a athrú chun déileáil leis seo! Beidh an taifead ar siúl le linn mí Iúil agus Lúnasa.

Más lanúin, teaghlach, nó cairde ag lorg laethanta saoire Samhraidh eachtrúil éagsúil atá ionat – b'fhéidir go bhfuil Mo Theach, Do Theach oiriúnach duit! Má tá suim agat, bí i dteagmháil le muireann@waddellmedia.com nó sara@waddellmedia.com nó téigh ar <http://www.waddellmedia.com/news/1006theach.html> chun foirm iarratais a fháil.

Tá gach eolas ar fáil ó oifig Glór Cheatharlach chomh maith ar (059) 9158105 nó (085) 1340047.

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:

**Glór Cheatharlach**

Carlow Gateway Business Centre

Bóthar Átha Í, Ceatharlach

(059) 9158105 / (085) 1340047

[emma@glorcheatharlach.ie](mailto:emma@glorcheatharlach.ie) [www.glorcheatharlach.ie](http://www.glorcheatharlach.ie)

**Guardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!**



Brian Ó Dómhnaill ag taispeáint a Risotto



Isteach leis an lus súgach sa Risotto



Taispeántas Cócaireachta na hÉigse

## Taispeántas Cócaireachta na hÉigse

Éigse Cheatharlach eile thart agus d'éirigh thar barr le féile na bliana seo. Cuireadh clár iontach ar fáil le himeachtaí den scoth chun gach mian a shásamh. taispeántais agus ceardlanna, ceol agus amhránaíocht, dramaíocht agus scannáin, léachtanna agus filíocht, greann agus rince, imeachtaí teaghlaigh agus siamsaíocht sráide. Bhíodar uile ann thar thréimhse deich lá agus deich nóíche. Agus don chéad uair riamh bhí cúrsaí bidh agus cócaireachta ar chlár na hÉigse.

Ar chúiseanna áirithe is i seomra cócaireachta Choláiste Naomh Leoin a cuireadh taispeántas cócaireachta dátheangach na hÉigse i láthair agus b'é an master chef féin Brian Ó Dómhnaill as Tír Chonaill a bhí i bhfeighil na cistine. Tá clú agus cáil ar Bhrian mar chócaire agus rítheann sé

an priontíoch cáiliúil 'Danny Minnies' agus tá cúig shraith de chláracha cócaireachta curtha i láthair aige ar TG4 le blianta beag anuas. Agus chun cur len a bhuanna is féidir leis amhrán sean-nóis a chasadh gan dua. Níl teora le tallanna an fhir seo!

Do thaispeántas cócaireachta na hÉigse chinn Brian ar Risotto Safran agus Líomóide, Sicín ar Stíl Spáinneach agus mar mhilseog dob é Torte Seaclaíde agus Rum Dorcha rogha an chócaire. Is mian leis an scríbhneoir seo an Risotto ach go háirithe a mholadh go hard na spéire agus oideas Bhriain a roinnt le léitheoirí an cholúin seo.

*Risotto Safran agus Líomóide le Lus Súgach is Piseanna.*

*Na Comhábhair: Im 20g. 2*

*Oinniúin. 1 Gairleog. Rís Risotto 250g.*

*Blúirín Safran. Craiceann agus*

*Sú Líomóid. 1 Lítear Stoc. Steall Fíon Geal. Glac Lus Súgach. Piseanna 70g. Steall Uachtair. Cáis Paimesean agus Duilleoga Roicéad.*

*1. Leáigh an t-im ar theas íseal agus cócaráil na hionniúin ar feadh cúpla nóiméad. Cuir isteach an ghairleog.*

*2. Measc isteach go maith an rís agus an safran.*

*3. Cuir isteach an craiceann líomóide agus an sú.*

*4. Doirt isteach an stoc agus an fíon de réir a chéile. Tabhair 40 nóiméad don rís le cócaráil.*

*5. Bruith an lus súgach agus na piseanna ar feadh cúpla nóiméad in uisce ghoirt ag gail.*

*6. Tiontaigh na glasraí isteach tríd an rís le steall uachtair agus maisigh le cáis paimesean agus duilleoga roicéad.*

*Bain taitneamh as do Risotto!*

## Post Páirtaimseartha Sa Naíonra

Cuireadh clabhsúr an tseachtain seo caite le bliain ghnóthach eile i Naíonraí Cheatharlach agus nach bróidiúil a bhí na buachaillí agus na cailíní óga agus iad ag fágaint slán leis an naíonra chun bogadh ar aghaidh chuig



Ag súgradh le gaineamh sa Naíonra

'scoil mhór'. 'Séard atá i gceist le Naíonra ná grúpa páistí réamhscoile a thagann le chéile go rialta agus a reachtálar trí mheán na Gaeilge. Cuirtear clár leathan d'imeachtaí agus de ghníomhaíochtaí oiriúnach don aois réamhscoilaíochta ar fáil dóibh go proifisiúnta agus go snasta gach lá sa Naíonra. Guíonn Coiste Naíonra Cheatharlach gach rath agus beannacht ar na páistí agus iad ag ullmhú do ranganna na naíonán sóisear ins na bunscóileanna éagsúla atá roghnaithe ag a dtuismitheoirí dóibh. Go leana siad i gcónaí ag baint taitnimh agus suilt as an nGaeilge.

Tá dhá Naíonra ag feidhmiú

i gCeatharlach le blianta fada anuas agus táid rannpháirteach i láthair na huair sa Bhliain Réamhscoile saor in aisce faoin a fhaigheann leanaí incháilithe soláthar de thrí uair a' chloig saor in aghaidh an lae, cúig lá sa tseachtain thar 38 seachtain sa bhliain. Tá éileamh an-mhór ar áiteanna i Naíonra Tinteán agus i Naíonra Ghráig Chuilinn agus chun freastal ar an éileamh sin is mian le Coiste Naíonra Cheatharlach a fhógairt go mbeidh gá le stiúrthóir sa bhreis a cheapadh don scoil bhliain nua. Is post páirtaimseartha atá i gceist agus cuirfeadh fáilte roimh iarraitais uathu siúd go bhfuil cáilíocht sa Chúram Leanáí go



Páistí sona sásta sa Naíonra

leibhéal 5 Fetac bainte amach acu chomh maith le caighdeán maith Gaeilge. Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoin bpost ach glaoch ar 0851340047 nó 087 2857048. Seol litir iarratais

agus curriculum vitae chuig Coiste na Naíonraí, Glór Cheatharlach, Carlow Gateway Business Centre, Bóthar Átha Í, Ceatharlach faoi 23 Iúil ar a dhéanaí.

# Silver Jubilee for Fr James McCormack

Congratulations to Fr James McCormack, PP, Hacketstown who celebrated the silver jubilee of his ordination on 29 June. To celebrate his great day, there will be Mass in St Brigid's church on Friday 9 July at 7.30pm. He will also travel to Cork to celebrate with his order, MSC. Fr James was presented with a gift from the people who attend St John's Day Care. He is wished the best of luck and good health from us all.

### PILGRIMAGE TO LOURDES

The combined parishes of Hacketstown, Rathvilly, Kiltegan and Baltinglass will organise a pilgrimage to Lourdes, escorted by Fr Sean Maher CC. The group

## Clonmore

STASIA DOYLE  
TEL: 059 6471459



will travel to Lourdes for five nights on 23 August. Full details from Fr Joe Brophy, CC. Booking through Elliot Travel, Edward Street, Baltinglass.

### HACKETSTOWN CRISP CENTRE

In association with the Carlow county enterprise board, the following courses are being offered at the Hacketstown centre commencing early/mid October - blogging for small businesses which deals with setting up a

blog, use of world press, writing blogs; Sage computerised accounts for small businesses; PC maintenance for the home user and small businesses. The following courses will commence immediately: ECDL computers made simple, beginners; intermediate computers; digital cameras for beginners; introduction to the internet. Enquires: 059 6471733 or call to the CRISP centre, The Green,

### Hacketstown. SUMMER CAMP

There will be a mini summer camp in St Mary's school, Ballyconnell on Thursday and Friday, 29-30 July with a day trip on Wednesday 28 July shared with Rathvilly camp. Contact Sheila Moss, Tullow area school completion programme, on 059 9180010. The camp is for children aged 5-12 years.

### PARISH LOTTO

Congratulations to Jimmy Goss, Knockanana, on winning the jackpot of €800 with numbers 11, 19, 15. Seller of the ticket was Sheila Connolly. Winners of €40 were: Mrs Williams, Williamstown

Rathvilly; Ciaran Butler, The Glen; Betty Sheppard, Kilenure; Stevie Donoghue, Liscoleman; and Mary Murphy, Ardattan.

### PARISH BINGO

Parish bingo is held in St Mary's Hall, Ballyconnell every Sunday night at 8.30pm. The snowball is €660 to be won if checked on 47 numbers or less. Check on a full house on number 13 and win extra money. Also win on a 0 number.

### PARISH ROSE SALE

The parish rose sale was a great success and everything was sold. The weather was perfect. Fr Gahan is still resting and is thankful to the committee.